**Faoi Rún** **M.7, M.7A agus M.8**

**SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA, 2006**

# GAEILGE

## ARDTEISTIMÉIREACHT, ARDLEIBHÉAL

## SCÉIM MHARCÁLA

## PÁIPÉAR I (170 marc)

| CEIST 1 | - CEAPADÓIREACHT - | 100 marc |
|---|---|---|

{ **(a)** Ionramháil Ábhair = 20 marc
**(b)** Cumas Gaeilge = 80 marc }    20 + 80 = 100

[Cumas Gaeilge = **(i)** fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra, móide **(ii)** cruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta .

### AN CHEAPADÓIREACHT

### Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

**Cumas Gaeilge (80marc**) = (1) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
(2) cruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge = gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]
*Agus na mórbhotúin á "marcáil" le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra chomhréire agus mionbhotúin ghramadaí.

| Aicme | Grád/Grádraon | (1) Stór Gaeilge + (2) Cruinnúsáid |
|---|---|---|
| **A** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas an-mhaith ar fad-**sármhaith** | A ard | 76-80 marc |
| (2) Cruinneas an-mhaith ar fad-**sármhaith** (den chuid is mó) | A meánach | 72-75 marc |
| | A íseal | 68- 71 marc |
| **B** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas **an-mhaith** | B ard | 64-67 marc |
| (2) Cruinneas **an-mhaith** (den chuid is mó) | B meánach | 60-63 marc |
| | B íseal | 56-59 marc |
| **C** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas **maith** | C ard | 52-55 marc |
| (2) Cruinneas **maith** (den chuid is mó) | C meánach | 48-51 marc |
| | C íseal | 44-47 marc |
| **D** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas **measartha** | D ard | 40-42 marc |
| (2) Cruinneas **measartha** (den chuid is mó) | D meánach | 36-39 marc |
| | D íseal | 32-35 marc |
| **E** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas **lag** | E ard | 28-31 marc |
| (2) Cruinneas **lag** (den chuid is mó) | E meánach | 24-27 marc |
| | E íseal | 20-23 marc |
| **F** agus **N/G** | | |
| (1) Fairsinge agus Saibhreas **an-lag** | F ard | 16-19 marc |
| (2) Cruinneas **an-lag** | F meanach | 12-15 marc |
| | F íseal | 8-11 marc |
| | N/G ard | 4-7 marc |
| | N/G íseal | 0-3 marc |

**Ionramháil Ábhair (20 marc)**
Ba cheart tagairt a dhéanamh do chumas Gaeilge agus an roinn seo á meas. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair fabhtach ní éireoidh leis an iarrthóir na smaointe a chur in iúl agus caillfear éifeacht na smaointe. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó lochtach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil is tábhachtaí ó thaobh ghrádú na ceapadóireachta de.

| Aicme | Grád | Marc |
|---|---|---|
| Ionramháil an-mhaith ar fad → **sármhaith** | **A** | 17, 18, 19, 20 marc |
| Ionramháil **an-mhaith** | **B** | 14, 15, 16 marc |
| Ionramháil **mhaith** | **C** | 11, 12, 13 marc |
| Ionramháil **mheasartha** | **D** | 8, 9, 10 marc |
| Ionramháil **lag** | **E** | 5, 6, 7 marc |
| Ionramháil **an-lag** | **F/NG** | 0, 1, 2, 3, 4 marc |

## CEIST 2 - LÉAMHTHUISCINT - 70 marc

### A (35 mharc)

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | **(a)** | An deacracht a bhí ag Bríd agus í ar cuairt i nGaillimh | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An fáth nach ndeachaigh sí ag obair leis an Roinn | = 3 mharc |
| **(ii)** | **(a)** | Cad is *gerrymander* ann? | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An obair a chuir tús lena saol polaitiúil. | = 3 mharc |
| **(iii)** | **(a)** | An dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume, Rogers agus an SDLP | = 4 mharc |
| | **(b)** | An fáth ar toghadh Bríd mar Chathaoirleach | = 3 mharc |
| **(iv)** | **(a)** | Dhá dheacracht a bhí ag Bríd ag tosú mar Aire di | = 4 mharc; |
| | **(b)** | Fianaise gur éirigh go maith léi mar Aire | = 3 mharc; |
| **(v)** | **(a)** | Dhá rud a dhéanann sí anois agus í ar pinsean | = 4 mharc; |
| | **(b)** | Cén aisling atá ag Bríd do na mná sa pholaitíocht? | = 3 mharc |
| | | **4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3+ 4 + 3** | **= 35 mharc** |

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 mharc a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

**B (35 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(i)** | **(a)** | Dhá chúis a bhfuil aird an phobail ar Whitey | = 4 mharc; |
| | **(b)** | Spéis phobal Mheiriceá sna cúrsaí seo. Cá bhfios dúinn? | = 3 mharc; |
| **(ii)** | **(a)** | Cén t-ábhar a bhí sa leabhar *The Westies?* | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An fáth ar éirigh go maith leis an leabhar sin | = 3 mharc; |
| **(iii)** | **(a)** | Coirpigh Ghaeil-Mheiriceánacha: cén saghas daoine iad? | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An fáth ar "thóg cuid acu an dlí ina lámha féin" | = 3 mharc; |
| **(iv)** | **(a)** | Mike Sullivan: cén saghas duine é? | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An rud a deirtear faoi Margaret Gaffney | = 3 mharc; |
| **(v)** | **(a)** | An fáth le hiarratas Ghotti? | = 4 mharc; |
| | **(b)** | An "tairiscint" atá i gceist dar leat? | = 3 mharc. |

**4 + 3 +4 +3 +4 + 3 + 4 +3+4+3** **= 35 mharc.**

[Gaeilge lochtach: 0 – 3 mharc a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

[I gcás A agus B, gearrfar pionós má thugtar eolas nach mbaineann le hábhar.]

**Nóta**: Taispeánfar ar na scripteanna na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú agus as na freagraí a bheith ina bhfocail féin acu. Taispeánfar san ionad cuí ar na scripteanna freisin na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar eolas nach mbaineann le hábhar.

**A** – 35 mharc

**BRÍD ROGERS: Gaeilgeoir, Polaiteoir Mná agus Aire**

***Ceisteanna***

**1** (a) Cén deacracht a bhí ag Bríd agus í ar cuairt ar a muintir i nGaillimh, dar leis an gcéad alt?

- **Níor thuig siad a chéile;**
- **Béarla ar fad a bhí ag a gaolta;**
- **Ní raibh ach Gaeilge aici féin**.

(b) Cén fáth nach ndeachaigh sí ag obair leis an Roinn Ghnóthaí Eachtracha mar a bhí pleanáilte aici, dar leis an gcéad alt?

- **Thit sí i ngrá le fear as a ceantar dúchais (Antaine Mac Ruairí);**
- **Phós sí A. Mac Ruairí agus bhog siad go dtí an Lorgain i gContae Ard Mhacha.**

**2** (a) Cad is *gerrymander* ann, dar leis an dara halt?

**An tslí a raibh an mionlach i bpobal (na hAontachtaithe) ábalta teorainneacha na gceantar vótála a leagan síos go héagórach agus na suíocháin a bhuachan ar an móramh (na Náisiúnaithe).**

(b) Cén saghas oibre a chuir tús le saol polaitiúil Bhríd, dar leis an dara halt?

- **Líne 11 "cuireadh …;**
- **Thosaigh sí ag bailiú eolais do Chumann Cearta Sibhialta Thuaisceart Éireann;**
- **"Thosaigh Bríd ag bailiú eolais dóibh le cur os comhair Rialtas na Breataine" (gá lena shoiléiriú cé "dóibh" a raibh sí ag bailiú an eolais)**.

**3** (a) Tabhair cuntas ar an dearcadh polaitiúil a bhí ag Hume, ag Rogers agus ag an bpáirtí a thosaigh siad, dar leis an tríú halt.

- **Líne 8 "Dar leis an SDLP … oileán";**
- **Chreid siad go raibh gá le haontacht agus dea-chaidreamh idir na grúpaí difriúla creidimh agus polaitíochta sa phobal sula bhféadfaí tosú ar chaint faoin oileán a athaontú;**
- **Gur mó an gá a bhí le haontacht idir na daoine seachas idir an dá phíosa talún.**

(b) Cén fáth ar toghadh Bríd ina Cathaoirleach ar an SDLP, dar leis an tríú halt?

- **De bharr an méid oibre a rinne sí ag bunú cumainn nua san SDLP;**
- **Mar chomhartha ómóis di as an méid oibre a rinne sí nuair a bhí an páirtí á chur ar bun.**

**4** (a) Luaigh **dhá** dheacracht a bhí aici agus í ag tosú ag obair mar Aire Talmhaíochta, dar leis an gceathrú halt.

- **Líne 6 "Bhí amhras …";**
- **Ní raibh muinín ag an bpobal Aontachtach aisti;**
- **Níor tógadh ar fheirm í;**
- **Níor bhain sí féin le pobal feirmeoireachta;**
- **Bhí uirthi dul i ngleic leis an ngalar crúibe is béil.**

(b) Cén fhianaise atá ann gur éirigh go maith léi mar Aire, dar leis an gceathrú halt?

- **Líne 9 "Bhuail sí …";**
- **Chuir sí stop leis an ngalar crúibe is béil;**
- **D'oibrigh sí go dian ina post;**
- **Chuir sí aithne ar na feirmeoirí;**
- **D'oibrigh sí go maith leis an Aire i mBaile Átha Cliath.**

**5** (a) Luaigh **dhá** rud a dhéanann Bríd anois agus í ar pinsean, dar leis an gcúigiú halt.

- **Líne 2 "Is breá léi …";**
- **Téann sí ar saoire go Gaeltacht Thír Chonaill nó go dtí an Iodáil;**
- **Déanann sí obair don SDLP;**
- **Bíonn sí ag caint ar an teilifís faoi chúrsaí polaitíochta.**

(b) Cén aisling atá ag Bríd do na mná sa pholaitíocht, dar leis an gcúigiú halt?

- **4 Líne ón mbun: "Bean …";**
- **Go sroichfeadh na mná na háiteanna is airde sa pholaitíocht in Éirinn;**
- **Bean mar Thaoiseach i mBaile Átha Cliath;**
- **Nó mar Chéad-Aire i mBéal Feirste.**

**B** –35 mharc

## AN TAOBH DORCHA DE GHAEL-MHEIRICEÁ

**1** (a) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil aird an phobail ar Whitey Bolger faoi láthair, dar leis an gcéad alt.

- **Tá sé ag éalú ó na póilíní ó 1995;**
- **Cé gur minic a bhíonn scéalta ann faoi níor éirigh leis an FBI é a ghabháil go fóill;**
- **Bhíothas ag rá gur tháinig sé go Conamara fiú**.
- **Is coirpeach é – bíonn spéis ag daoine i gcoirpigh.**

(b) Conas atá a fhios againn, ón gcéad alt, go bhfuil spéis ag pobal Mheiriceá sna coirpigh Ghael-Mheiriceánacha seo?

- **Rinneadh a lán scannán faoin ábhar seo le déanaí;**
- **Foilsíodh a lán leabhar mar gheall ar na coirpigh seo;**
- **Téann daoine chuig pictiúrlanna/na hamharclanna ag cur suime san ábhar;**
- **Tá éileamh i siopaí leabhar ar leabhair faoi na coirpigh.**

**2** (a) Cén t-ábhar a bhí ag TJ English ina leabhar *The Westies*, dar leis an dara halt?

- **Bhí sé ag cur síos ar an ngaol a mheas sé a bhí idir na Westies agus an Mafia.**

(b) Cén fáth ar éirigh chomh maith sin leis an leabhar *The Westies,* dar leis an dara halt?

- **Bhí an scéal féin suimiúil;**
- **Bhí an leabhar dea-scríofa;**
- **Fuair an leabhar an-mholadh i léirmheas sa *New York Times*;**
- **Mhol an *New York Times* don phobal é a cheannach agus a léamh.**

3 (a) Cén saghas daoine iad na coirpigh Ghael-Mheiriceánacha seo, dar leis an tríú halt?

- **Bhí siad dílis dá muintir agus dá gcairde sa chéad chás de;**
- **Os a choinne sin bhí siad foréigneach, gan trua gan taise ina gcroí lena naimhde;**
- **Ní raibh meas acu ar an dlí;**
- **Daoine bochta ba ea iad;**
- **Imircigh ba ea iad.**

.

(b) Cén fáth ar "thóg cuid acu an dlí ina lámha féin", dar leis an tríú halt?

- **Caitheadh go dona leo i Meiriceá, pá íseal, uaireanta fada oibre;**
- **D'fhulaing said go leor ionsaithe seicteacha;**
- **Rinneadh éagóir orthu;**
- **Ní fhaca siad dada ach naimhdeas ina dtimpeall.**

4 (a) Cén saghas duine é Mike Sullivan, a ndearna Tom Hanks léiriú air sa scannán *Road to Perdition*, dar leis an gceathrú halt?

- **Dúnmharfóir cruálach;**
- **Duine gan trua gan taise ina chroí;**
- **Carachtar casta gruama;**
- **Athair ceanúil.**

(b) Céard a deirtear linn faoin údar Margaret Gaffney, dar leis an gceathrú halt?

- **Scríobh sí an leabhar *Metropolis*;**
- **Sa leabhar seo thug sí cuntas ar na Whyos a bhí i Nua-Eabhrac;**
- **Spreag leabhar TJ English a suim sa domhan folaithe i Nua-Eabhrac.**

5 (a) Cén fáth ar iarr Gotti ar an aisteoir gan páirt a ghlacadh sa scannán, dar leis an gcúigiú halt?

- **Bhí eagla ar Ghotti go ndéanfadh an scannán dochar dó féin;**
- **Agus go ndéanfadh an phoiblíocht seo damáiste dá chairde.**

(b) Cén "tairiscint" a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa chúigiú halt, dar leat féin?

- **Breab, airgead nó bagairt b'fhéidir.**

**Páipéar II (180 marc)**

**CEIST 1 - PRÓS - 40 marc**

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **<u>nó</u>** **B** (Prós Roghnach).

**A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)**

**(a)** "Is cloíte an galar an grá". — Déan plé ar an ráiteas sin i bhfianaise an dráma.
**(Lá Buí Bealtaine)** <u>Ionramháil Ábhair</u> = <u>22 mharc</u>

***Nó***

Teannas sa chlann nua-aimseartha mar atá sa scannán seo …dean plé air.
(***Clare sa Spéir***) <u>Ionramháil Ábhair</u> = <u>22 mharc</u>

***Nó***

Codarsnacht idir an bheirt bhuachaillí…………déan plé uirthi.
(**Fiche Bliain ag Fás**) <u>Ionramháil ábhair</u> = <u>22 mharc</u>

**(b)** Léiriú ar choimhlint idir an mhaith agus an t-olc……..déan plé air.
(***An Cearrbhach Mac Cába***) <u>Ionramháil Ábhair</u> = <u>13 mharc</u>

***Nó***

Greann/áibhéil/draíocht/saint……plé ar dhá cheann acu i bhfianaise an scéil.
(***An Cearrbhach Mac Cába***) <u>Ionramháil Ábhair</u> =<u>13 mharc</u>

Cumas Gaeilge - **(a)** agus **(b)** le chéile = <u>5 mharc</u>

**B - PRÓS ROGHNACH - (40 marc)**

Freagair **(a)** **<u>agus</u>** **(b)** anseo.

**(a)** Príomhthéama – a éifeachtaí a dhéantar léiriú air.
(**Dráma)**
Teideal an dráma agus ainm an údair. <u>Ionramháil Ábhair</u> =<u>22 mharc</u>

***Nó***

Príomhthéama … agus mar a dhéanann modhanna na scannánaíochta léiriú air.
**(Scannán)**
Teideal an scannáin agus ainm an stiúrthóra.
<u>Ionramháil Ábhair</u> = <u>22 mharc</u>

***Nó***

Codarsnacht idir beirt de na príomhcharachtair…….léiriú uirthi sin.

(**Dírbheathaisnéis)**
Teideal na dírbheathaisnéise agus ainm an údair
Ionramháil Ábhair = 13 mharc

**(b)** Plé ar fhorbairt na coimhlinte idir an t-olc agus an mhaith, agus ar thoradh na coimhlinte
**(Scéal Béaloidis**)
Teideal an scéil bhéaloidis. Ionramháil Ábhair = 13 mharc

***Nó***

Plé ar dhá cheann díobh seo: greann; áibhéil; draíocht; saint
**(Scéal Béaloidis)**
Teideal an scéil bhéaloidis. Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Cumas Gaeilge - **(a)** agus **(b)** le chéile = 5 mharc

**C. 1(Prós Ainmnithe nó Prós Roghnach) = 40 marc (22 + 13 + 5)**

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.
**Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.**

| **Ceist 2** | **- PRÓSTÉACS BREISE -** | **40 marc** |
|---|---|---|

[(**a**)(i) nó (**a**)(ii) nó (**b**)(i) nó (**b**)(ii) le déanamh as **A** nó **B** nó **C** nó **D**]

{ Ionramháil Ábhair = 35 mharc}
{ Cumas Gaeilge = 5 mharc}

**C.2: 35 + 5 = 40 marc**

**C.2 (Próstéacs Breise) = 40 marc(35 + 5)**

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

| **CEIST 3** | **- FILÍOCHT -** | **70 marc** |
|---|---|---|

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) **nó** **B** (Filíocht Roghnach) **agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise).

| **A** | **- FILÍOCHT AINMNITHE -** | **(35 mharc)** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)**

**(i)** Cás an fhile agus cás na tíre fite fuaite ina chéile (***Bímse Buan ar Buairt Gach Ló***) = 11 mharc

**(ii)** Úsáid an dúlra chun an príomhthéama a léiriú **(*Bímse Buan ar Buairt Gach Ló*)** = 6 mharc

(Ionramháil Ábhair) = 17 marc

**Nó**

**(i)** Áibhéil agus Greann chun an príomhthéama a léiriú. **(*Gealt?*)** = 11 mharc

**(ii)** Dhá mhothúchán a músclaíodh ionat féin (***Gealt?***) = 6 mharc

Ionramháil Ábhair = 17marc

**(b)**

Trácht **gairid** ar an téama agus ar léiriú an téama (***Níl Aon Ní***) = 13 mharc

**Nó**

Trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaintear as dhá cheann díobh seo: mothúcháin; íomhánna; codarsnacht; atmaisféar: **(*Treall*)** = 13 mharc

| **B** | **- FILÍOCHT ROGHNACH -** | **(35 mharc)** |
|---|---|---|

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

**(a)**

**(i)** Úsáid an dúlra chun an príomhthéama a léiriú. (Dán **sean**aimseartha le **fear**.) = 11 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile).

**(ii)** Mar a chuireann friotal/athrá/atmaisféar le héifeacht an dáin mar aonad = 6 mharc

= 17 marc

***Nó***

**(i)** Úsáid na háibhéile agus an ghrinn chun an príomhthéama a léiriú (Dán **nua**-aimseartha le **bean**) = 11 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

**(ii)** **Dhá** mhothúchán a músclaíodh ionat féin: = 6 mharc

= 17 marc

**(b)**

Dán **Nua**-aimseartha le **fear** agus nár roghnaíodh thuas**:**
Plé ar an téama agus mar a dhéanann an file léiriú air sin. = 13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

***Nó***

Dán **Nua**-aimseartha le **fear** agus nár roghnaíodh thuas.
Trácht ar úsáid dhá cheann díobh seo: Mothúcháin, íomhánna, codarsnacht, atmaisféar = 13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

**NÓTA:** I gcás an chúrsa roghnaigh, gearrtar pionós 1 mharc amháin mura luaitear ainm an tsaothair/ dáin nó ainm an údair más ann dó.

**C (35 mharc)**

Freagair **(a)** ***nó*** **(b)** anseo.

**(a)**

**(i)** Príomhthéama agus an léiriú air sin (**An Chéad Dráma)** = 17 marc

**(ii)** Mínigh na línte = 5 mharc

**(iii)** An sórt duine a chum é seo. Dhá phointe = 8 mharc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

**(b)**

**(i)** Léiriú ar áilleacht mhealltach an oileáin (**An tOileán)** = 17 marc

**(ii)** Mínigh na línte = 5 mharc

**(iii)** Nóta ar an atmaisféar = 8 marc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

Cumas Gaeilge (**A** nó **B** agus **C** le chéile) = 10 marc

**C.3 = 70 marc**

**C. 3A (Filíocht Ainmnithe) nó 3B (Filíocht Roghnach)**
**agus 3C(Dánta Dualgais Breise) = 70 marc (30+ 30 + 10)**

**Nóta**: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 30 (Ábhar) agus as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

| Ceist 4 | - STAIR - | 30 marc |
|---|---|---|

**Dhá cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).**

13 + 12 (Eolas) móide 5 mharc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann le chéile)
= 30 marc.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 25 (Eolas) agus an marc a bhronntar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

## CLUASTUISCINT (100 marc)

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **90** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | = **10** marc |
| **(iii)** | **Iomlán** | = **100** marc |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **30 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 2 mharc × 5 | = | 10 marc |
| Fógra 2: | 2 mharc × 5 | = | 10 marc |
| Fógra 3: | 2 mharc × 5 | = | 10 marc |
| | **10 + 10 + 10** | = | **30** marc |
| **Cuid B:** | **40 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 2 mharc × 6 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 2 mharc × 8 | = | 16 mharc |
| Comhrá 3: | 2 mharc × 6 | = | 12 mharc |
| | **12 + 16 + 12** | **=** | **40** marc |
| **Cuid C:** | **20 marc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 2 mharc × 3 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 2 mharc × 4 | = | 8 marc |
| Píosa 3: | 2 mharc × 3 | = | 6 mharc |
| | **6 + 8 + 6** | **=** | **20** marc |

## Triail Chluastuisceana

{45 ceist/focheist × 2 mharc = 90 marc + 10 don Ghaeilge} = 100 marc

### Cuid A (30 marc)

### Fógra a hAon (10 marc)

**1.** (a) Cén fhéile….? Drámaíochta = 2 Drámaí = 2 Dráma = 1
(b) Cén áit… ? Halla an Pharóiste, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí = 2
Corca Dhuibhne = 2 Halla an Pharóiste, Co. Chiarraí = 2
Halla an Pharóiste = 1 Co. Chiarraí = 1

**2.** Cé a osclóidh…? Monsignor Ó Fiannachta, Sagart Paróiste an Daingin = 2
Monsignor Ó Fiannachta = 2 Sagart Paróiste an Daingin = 2
Sagart Paróiste = 1 Ó Fiannachta = 1 Monsignor = 1

**3.** (a) Cad a bheidh á léiriú…? Drámaí nuascríofa = 2 Agallaimh Bheirte = 2
Drámaí = 1 Agallaimh = 0
(b) Cá bhfuil eolas…? Ó Aoife ag 091 62232 = 2 091 62232 = 2 Aoife = 1

### Fógra a Dó (10 marc)

**1.** Cad a bheidh ag tosú…? Sraith nua de chláir cheoil = 2 Cláir cheoil do dhaoine óga = 2
Sraith nua do dhaoine óga = 1 Cláir cheoil = 1
Sraith nua = 0

**2.** (a) Cé dó…? Daoine óga = 2
(b) Cén teideal…? Anocht fm = 2 Nocht fm = 0

**3.** (a) Cad a bheidh ar siúl…? Amhráin le liricí Béarla = 2 Liricí Béarla = 2
Amhráin Bhéarla = 2 Amhráin = 0 Béarla = 0

(b) Cén moladh…? Ainm an chéad amhráin = 2 An chéad amhrán = 2
Amhráin = 0

### Fógra a Trí (10 marc)

**1.** Cé mhéad folúntas…? Dhá cheann = 2 Dhá fholúntas = 2 2 = 2

**2.** Luaigh dhá rud… (i) Taisteal ar fud na tíre = 2 Cúrsaí a rith = 2
Eolas a thabhairt don phobal = 2
(ii) Bainistiú a dhéanamh ar shuíomh idirlín = 2 (Aon dá cheann) Cúrsaí = 2 Eolas a thabhairt = 2 Suíomh idirlín = 2
Taisteal = 1 Idirlíon = 0 Eolas = 0

**3.** (a) Luaigh cáilíocht amháin… Ardchaighdeán i labhairt na Gaeilge = 2
Ardchaighdeán i scríobh na Gaeilge = 2
Sciliúil ar chumarsáid idirlín = 2
Sciliúil ar idirlíon = 2 Gaeilge mhaith = 1
Idirlíon = 0

(b) Cá bhfuil eolas…? www.glornangael.ie = 2 Príomhoifig Ghlór na nGael = 2 01 4982265 = 2
glornangael = 2 Glór na nGael = 2 Príomhoifig = 0

**Cuid B (40 marc)**

**Comhrá a hAon (12 marc)**

*An chéad mhír*

**1.** Cén t-ainm…? Tionscadal Pháistí Chernobyl = 2 Tionscnamh Pháistí Chernobyl = 2 Páistí Chernobyl = 1 Tionscadal Chernobyl = 1 Chernobyl = 0

**2.** Cén chaoi nach bhfuair…? Níor bhuaigh a scannán Croí Chernobyl duais ar bith = 2 Níor bhuaigh an scannán duais = 2 Níor bhuaigh sí Oscar = 2

**3.** Cad a cheap…? Go raibh sé ar fheabhas ar fad = 2 ar fheabhas = 2 Go mbuafadh sé Oscar = 2

*An dara mír*

**1.** Cá fhad atá…? Seacht mbliana agus fiche = 2 27 bliain = 2

**2.** (a) Cad faoi a gcuireann…? Cás na ndaoine bochta san Afraic = 2 Daoine bochta san Afraic = 2
Daoine bochta = 1 An Afraic = 1

(b) Cén fáth nach maith…? Róthógtha leis na meáin = 2 Is breá leo an phoiblíocht = 2 Bíonn siad ar an teilifís gach lá = 2 Lá sa Teach Bán, lá eile i Sráid Downing = 2 Lá sa Teach Bán = 0
Lá i Sráid Downing = 0

**Comhrá a Dó (16 marc)**

*An Chéad Mhír*

**1.** Cén tuairim atá…? Is iontach na gléasanna iad = 2 Iontach = 2

**2.** Cén rud faoi…? An praghas atá orthu = 2 An praghas = 2

**3.** (a) Cá bhfaighidh Breandán…? As obair an tsamhraidh = 2 Post samhraidh = 2 Obair = 1

(b) Cén fáth nach mbeidh…? Costais an-ard ag baint leis na fóin seo = 2
Costas an-ard = 2 Costas = 1

*An Dara Mír*

**1.** Cén tseirbhís…? As an tseirbhís idirlín = 2 An t-idirlíon = 2 Idirlíon = 2

**2.** Cén dá bhuntáiste…? (a) Cluichí a íoslódáil = 2 Fístéipeanna a íoslódáil = 2
Cluichí a fháil = 2 Fístéipeanna a fháil = 2
(b) Teachtaireachtaí ríomhphoist a sheoladh = 2
Ríomhphost = 2 E-phost = 2 E-mail = 0
Teachtaireachtaí = 0

**3.** Cén locht beag…? Tá sí róchiallmhar ar fad = 2 Róchiallmhar = 2
Ciallmhar = 0

**Comhrá a Trí (12 marc)**

*An Chéad Mhír*

**1.** (a) Cén saghas clár…? Sobaldrámaí Sasanacha = 2 Sobalchláir Shasanacha = 2 Sobalchláir = 2

(b) Cén fáth ar stad…? Ní raibh a cuid Gaeilge maith go leor = 2 Níor thuig sí an Ghaeilge = 2

**2.** Cén moladh…? Na fotheidil a léamh = 2 Cén fáth nach léann tú/sí na fotheidil = 2

*An Dara Mír*

**1.** Cad a deir Brian…? Bíonn siad an-drámatúil ar fad = 2 An-drámatúil = 2 drámatúil = 1

**2.** Cén fáth nach mbíonn am…? Bíonn sí báite san obair bhaile = 2
Obair bhaile = 2

**3.** Cén t-am…? Leathuair tar éis a deich = 2 10.30 = 2

**Cuid C (20 marc)**

**Píosa a hAon (6 mharc)**

**1.** Cá raibh an scéal…? Ar an nuachtán Foinse = 2 Foinse = 2

**2.** Cad leis a mbaineann…? Teaghlach ina gcónaí in Iarthar na hÉireann = 2
Teaghlach = 1 Iarthar na hÉireann = 1

**3.** Cén rud a luaitear…? Tá an uimhir an-ard agus ag fás i gcónaí = 2 An-ard = 2
Ag fás = 2

**Píosa a Dó (8 marc)**

**1.** Cá bhfuil…? Gaoth Dobhair = 2

**2.** Cén gradam…? Pearsa Thír Chonaill na bliana = 2 Pearsa Thír Chonaill = 2
Pearsa na bliana = 1

**3.** (a) Cár bronnadh…? Óstán an Bhurlington i mBaile Átha Cliath = 2 Óstán an Bhurlington = 2 Baile Átha Cliath = 1

(b) Cad a bhunaigh…? Ionad lae = 2

**Píosa a Trí (6 mharc)**

**1.** Cén áit…? Baile Bhúirne, Co. Chorcaí = 2 Baile Bhúirne = 2 Co. Chorcaí = 1

**2.** Cén obair…? Stiúrthóir ar an eagraíocht Cairde Chalcutta = 2 Stiúrthóir ar Chairde Chalcutta = 2
Ag obair ar son na mbochtán = 2 Ag obair i gCalcúta = 1

**3.** Cén post…? Múinteoir adhmadóireachta = 2 Múinteoir = 1

**Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:**

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann Scrúdaitheoir Cúnta ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di:

- níor mhór don Scrúdaitheoir Cúnta a chur in iúl dá Scrúdaitheoir Comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici;

- caithfidh an Scrúdaitheoir Comhairleach a mhíniú don Scrúdaitheoir Cúnta go bhfuil gach gné den scéim mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

Míneoidh an Scrúdaitheoir Comhairleach don Scrúdaitheoir Cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an scéim mharcála á cur i bhfeidhm mar is ceart ag an Scrúdaitheoir Cúnta ina leithéid de chás.